AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Déardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uim. 19. Aoine, 14ú Bealtaine, 1965.

EAGARFOCAL. 14-5-65.

Ní Leor É

CUIREAḊ MEASTAĊÁN ROINN NA GAELTAĊTA faoi bhráid Dháil Éireann, Dé Ċéadaoine na seaċtaine seo caite. Foilsíoḋ ċeana, insan ṗáipéar seo, mion-insint ar na Ranna agus na fóráilaċa den ṁeastaċáin. Níl aon dul siar ann sa méid agus go bhfuil na gnáċ mion-rudaí ann a bhí ins na meastaċáin ó bunaíoḋ Roinn na Gaeltaċta. Tá méadú réasúnta maiṫ ins an suim iomlán. Aċ, ní ṫig a ġlacaḋ as seo go bhfuil méadú dá réir ár seirbhísí don Ġaeltaċt.

IS AṀLAIḊ GUR GLACAḊ. MAR ADÚRAMAR ĊEANA, gan aon fógrú poiblí, nó gan aon ṗlé. le moltaí áiṫrid a bhí ag luċt na h-aṫbheoċána, agus na h-eagrais Gaeilge, go mbeaḋ Roinn Gaeilge ann. Agus is aṁlaiḋ gur roinn Gaeilge, atá ḋá ḋéanaṁ anois do Roinn na Gaeltaċta. Tá roinnt ṁaiṫ seirbhísí a bhíoḋ faoi Roinn an Oideaċais ḋá ċur anois faoi Roinn na Gaeltaċta. Orṫa sin. tá mar ṡompla, na deontaisí do foilsiú páipéir ⁊ nuaċt i nGaeilge, agus deontaisí áiṫrid drámaíoċta i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ċoṁ maiṫ leis sin, is cosúil, mar a fógraíoḋ ċeana go bhfuil Roinn na Gaeltaċta ag tabhairt deontas de ṫimpeall £8,000 don Ċoṁairle Náisiúnta Drámaíoċta.

IS MAIṪ AN RUD A LEIṪÉID SEO, aċ san am ċéanna, ní miste go dtabharfaí faoi dear, gur imeaċt é ó ṗríoṁ ċuspóir bunaiṫe Roinn na Gaeltaċta, An Ġaeltaċt do ṡlánú. Is trua linn an t-aṫrú atá ag déanaṁ Roinn na Gaeilge de Roinn na Gaeltaċta.

AĊ, LASMUIĠ DE SIN AR FAD, níl aon rud mór ar biṫ i meastaċán na bliana seo a bhéarfaḋ dóċas do ṗobal na Gael-taċta nó dúinn féin, mar Ġuṫ na Gaeltaċta, go bhfuil sé ar intinn saoṫrú seasta nó obair lán-aimsireaċ a ċur ar fáil do ṗobal beag na Gaeltaċta.

DÚIRT AN RÚNAÍ PAIRLIMINTE ina óráid ós coṁair na Dála, go raibh sé mar ċúram ar Roinn na Gaeltaċta, cúrsaí eacnamaíoċta a spreagaḋ insan Ġaeltaċt. Sin an ċéad uair a bhfacamar sin ráite, agus is maiṫ ráite é. Aċ, tá níos mó ná spreagaḋ ag teastáil faoi mar adúramar i gcónaí. Ní mór an túsiarraċt. Agus ní raibh an túsiarraċt ariaṁ ag Roinn na Gaeltaċta.

NÍL AON ÁBHAR SÁSTAĊTA AGUS IS BEAG ábhar dóċais atá i bhfigiúirí meastaċán Roinn na Gaeltaċta, ar ġlac Dáil Éireann leo an tseaċtain seo caite. Tá rud aṁáin is féidir a rá, áfaċ i leiṫ an Rúnaí Pairliminte nua de ṫairbhe an meastaċáin, agus sé sin, naċ é a ċum an meastaċán. Ní raibh sé aċ ag cur ós coṁair Ḋáil Éireann meastaċán a bhí ullṁaiṫe sul a ndeaċa sé i mbun a ḋualgaisí. Cuirimíd síos é sin le bheiṫ ceart agus coṫrom leis.

BHÍ ÁBHAIRÍN ÉIGIN DÓĊAIS INS NA TEAĊTAÍ ó aċan Ṗáirtí a labhair insan Dáil. An ċuid is mó acu i leiṫ na Gaeilge, agus léiríoḋ go raibh níos mó suime i gcúrsaí Gaeilge. Tráċtfaimíd arís ar rudaí biṫrid adúirt na Teaċtaí seo, agus gur fiú léirṁeas a ḋéanaṁ air.

Ṫiocfaḋ linn i bhfad níos mó a rá faoi an ṁeastaċán seo, aċ, mar adúramar ċeana, nuair atá ceann poiliticiúil nua ar Roinn na Gaeltaċta, ba ṁaiṫ linn gaċ caoi agus cabhair a ṫabhairt dó. San am ċéanna. caiṫfiḋ muid a rá go soiléir ar son pobal na Gaeltaċta agus ar son slánú na Gaeltaċta, naċ leor an méid atá leagṫa amaċ ins na meastaċáin seo.

Seomraí Cois Farraige

IS BREÁ AR FAD NA SEOMRAÍ COIS FARRAIGE, A D'OSCAIL AIRE NA GAELTAĊTA, TÁ SEAĊTAIN Ó ṠOIN, IN ÓSTÁN AN IARANNRÓID, I NGAILLIṀ.

Ċosain an barra agus seomraí £10,000 agus tá siad ċoṁ galánta agus ċoṁ nua-aoiseaċ agus atá le fáil in áit ar biṫ san tír seo nó san Ṁór-Roinn.

Tá na seomraí suite síos staiġre, in Óstán an Iarannróid, i gCeapaċ na bhFiaċ i nGailliṁ. Seisear cainteoirí dúċais, a ṫugann seirbhís ins na seomraí. Cúigear cailíní freastail agus fear tabhairne aṁáin.

Agus ċuile ḋuine acu ó ċeantair Gaeltaċta. Solaṫraíonn siad an caiṫeaṁ aimsire, ceol, agus aṁránaíoċt ċoṁ maiṫ.

Sí an duine is sine de na cailíní freastail, ná Áine Ní Ṁáille, as Carn Bhuí, Béal Áṫa an Fheaḋa, atá 21 bliain d'aois, agus a bhí ag staidéar seandálaíoċta ag Coláiste Ollscoile na Gailliṁe. Caiṫeann na cailíní cultaċa de línéadaċ na hÉireann, agus báinín, a ḋearaiġ Clodagh i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Ar na daoine eile tá beirt deirfiúraċa, Bríd (21) agus Nuala (19) Ní Gallċobhair, as Dun Beag, Tírċonaill, atá taréis scoil a fágáil, agus Peigí Ní Fharáin, Maoiġinis, Cárna (19), ag fágáil scoile, agus Máirín Nic Donnċaḋa, Cárna, a bhí ag foglaim le bheiṫ ina banaltra i Sasain. De ábhar ón ċeantar féin atá an foirgniṁ déanta.

Tá an balla maisiṫe déanta as cloċ aoil pollṫaċ a fuarṫas i Loċ Coirib adeirtear atá 250 milliún bliana d'aois, agus a dtáinig an ċrot aisteaċ seo air. nuair a bhain an search insan uisce an calcium agus an barbónaid as.

De leacaċa Lios Ceanair, atá 250 milliún bliain d'aois, ċoṁ maiṫ, atá an t-urlár déanta, ⁊ as Páirc Merlin, i nGailliṁ, a ṫáinig na painéileaċa marmair, insan ċúntar.

I nGaeilge ar fad atá na cláraċa bí. I nGaeilge ar fad a bhí tearmanas oscailte na seomraí, agus is mór an ais agus an buntaiste do Ġailliṁ iad, agus tugann siad aitmasféar naċ raibh roiṁe seo ann do príoṁ ċaṫair na Gaeltaċta.

Oibreaċa Mara i Muiġeo

Béifear ag tosnú gan ṁoill ar na h-oibreaċa mara ins na cuanta ṫart timpeall na Gaeltaċta i Muiġeo Ṫuaiḋ. Tá socrú déanta anois idir an Bord Oibreaċa Poiblí agus Coṁairle Co. Ṁuiġeo. Roiṁe seo, ní raibh an Coṁairle Co. sásta freagarṫaċt a ġlacaḋ as coṫabháil oibreaċa mara.

Fuair an Teaċta P. A. Mac Giolla Laoire, T.D., an litir seo leanas ó Aire na Gaeltaċta:

A Ṫeaċta, a ċara,

D'iarr Miċeál Uasal Ó Móráin, Aire na Gaeltaċta orm. tagairt do na moltaí a rinne tú mar ġeall ar an ṁoill ins na h-aiseanna leandála ag Bealdearg, Tollaċán, Port Dorlainn, Port a' Cluaiḋe, Graċaill, Gob a' Ċoire a raibh deontaisí stáit udaraiṫe fá na gcoinnibh. aċ aṁáin aontú le Coṁairle Co. Ṁuiġeo fá coṫabháil na n-oibreaċa.

Bhí an tAire ag brú le tamall maiṫ anois fá ċoinne socrú faoi coṫabháil a bheaḋ sásta don Ċoṁairle Contae, agus do Ċoimisinéirí na nOibreaċa Poiblí, agus tá áṫas ar an Aire anois a insint duit gur ġlac an Coṁairle lena leiṫéid sin de ṡocrú, tá cúpla seaċtain ó ṡin, agus go raċfar ar aġaiḋ leis na h-oibreaċa a bhfuil deontaisí tugṫa fá gcoinnibh, gan mórán moille.

Anagaire

Tá luaċ íontaċ íseal ar na huibheaċa in Anagaire san am i láṫair. Ṫit siad níos luaiṫe agus níos gaiste ná mar ba ġnáṫ leo, agus níl na cearca ábálta díol astu féin anois.

Ċeana féin tá ullṁú ḋá ḋéanaṁ in Anagaire fá ċoinne an séasúr turasóireaċta agus deirtear go bhfuil na scaiftí a' teaċt ṫar farraige anall. Tá cuid mór ar fad, is cosúil ag teaċt ó Albain, agus iad ag cur áiteaċa in áiriṫe do ṁíosa Iúl agus Lúnasa. Táṫar ag súil go mbeiḋ cúrsaí ar siúl arís insan Ċoláiste in Anagaire, agus go mbeiḋ scaifte maiṫ de ṁic-léinn ag teaċt. Bhí aċrann ar siúl faoi ċúrsaí na Coláiste, aċ táṫar ag súil le seo a réitiú agus na cúrsaí a bheiṫ ar siúl mar is ġnáṫ arís san samhraḋ.

Taréis molaḋ agus brú a rinne an Coṁairleoir Séamas Mac Ruaiḋrí, táṫar indiaiḋ réiteaċ a ḋéanaṁ anois, i meastaċán ag Coṁairle Co. Ḋún na nGall, fá ċoinne soláṫar soilse poiblí ag Anagaire agus Ceann Caslaċ. Aċ, in aineoin gur brú sé an scéal céanna fá Ailt an Ċorráin. níl socrú ar biṫ déanta do Ailt an Ċorráin go fóill.

Tá an Rúnaí Condae indiaiḋ scéala a ċur ċuig an Coṁairleoir Mac Ruaiḋrí go mbeiḋ an conraṫóir fá ċoinne leaṫnú an scéim uisce réagúnaċ na Rosa, réiḋ le tosnú ag obair ins na Rosa timpeall deireaḋ mí Meiṫeaṁ seo ċugainn.

Dinnéar agus Oíċe Caidriṁ

Bhí dinnéar agus oíċe caidriṁ ag oibríṫe Fianna Fáil i nDáil Ċeantar Gailliṁ Ṫiar, insan Óstán Warwick, Bóṫar na Trá, an tseaċtain seo caite. Do na daoine go léir a bhí ag obair agus ag déanaṁ an ċanbhas do ṁuintir Fianna Fáil a bhí an dinnéar. Bhí freastal an ṁaiṫ ar an ceiliúraḋ agus bhí an beirt Teaċtaí Fianna Fáil do Ġailliṁ Ṫiar, Seán Mac Eoċagáin, Cárna, agus Riobárd Ó Maoldia. Gailliṁ, i láṫair. Ċoṁ maiṫ leis sin, bhí an t-iar-Aire Cosanta, Gearóid Mac Par-ṫalán, a d'éiriġ as roiṁ an toġċáin, agus Caṫaoirleaċ na Seanaide, An Seanadóir Liam Ó Buaċalla, i láṫair. Ṫug an gníoṁaire toġċáin, Séamas Ó Braonáin, buíoċas do na daoine go léir a d'oibriġ do Fianna Fáil insan toġċán mór. Ṫug an tUasal Mac Eoċagáin agus an tUasal Ó Maoldia, buíoċas don luċt oibre, agus luċt canbhasáil freisin.

Beo Ṡuim San Oideaċas

Óráid Uí Ċolla do na Príoṁ Oifigí Gairmoideaċais

Taiṫníonn sé liom an deis seo a bheiṫ agam, i dtús mo ré mar Aire Oideaċais, teangṁáil libhse, a bhfuil páirt ċoṁ tábhaċtaċ sin agaibh inár gcóras oideaċais. Níl mé gan eolas a bheiṫ agam ċéana féin ar an obair atá déanta agaibh agus atá á ḋéanaṁ agaibh. Is cinnte liom gur féidir liom tacaíoċt láidir a bhaint as bhur gcabhair agus as bhur n-abháltaċt sna h-iarraċtaí a bheiḋ á ndéanaṁ agam leis an gcóras oideaċais a forbairt agus a feabhsú le leas aos óg na tíre agus le leas an ṗobail uiliġ.

Tuigim gurb é an téama atá leagṫa amaċ agaibh le cur faoi díospóireaċt le linn na Coṁḋála seo. pleanáil le haġaiḋ forbairte san oideaċas. Tréiṫ a bhain lenár sinsear riaṁ anall beo-ṡuim a bheiṫ acu san oideaċas agus san léann, aċ is ar éigin a bhí riaṁ ann ag muintir na hÉireann oiread suime sa scolaíoċt agus oiread éiliṁ ar oideaċas agus atá anois ann. Is ceart dúinn bheiṫ buíoċ do Ḋia gur mar sin atá, agus ní miste dúinn a aiṫint, toisc gur mar sin atá, go bhfuil freagraċt trom orainne —oraibhse agus orm féin agus ar gaċ éinne atá páirteaċ linn i ngnó seo an oideaċais—freastal go ceart ar ár ndualgas.

Is bunfhírinne é naċ féidir le haon pobal ná le haon ċine dul ar aġaiḋ in éamuis oideaċais ⁊ is mianaċ é an t-oideaċas naċ bhfuil aon teora leis an tsaibhreas agus leis na seoda is féidir a bhaint as. Aċ dá ṡaibhre é an mianaċ agus dá luaċṁaire é an t-ábhar atá ann, teastaíonn an gléasra ceart agus an ealaín ċeart leis an saibhreas a bhaint as. Mar sin ní mór dúinn bheiṫ ag faire i gcónaí lenár gcóras oideaċais a feabhsú agus lenár modhanna a ḟorbairt. Tá tuiscint ar leiṫ agaibhse air sin, toisc go raibh ard-taiṫí múinteoireaċta agaibh sar ar ceapaḋ sibh in bhur riarṫóirí ar scéimeanna gairmoideaċais.

Nuair a labhraim ar ṡaibhreas a bheiṫ le gnóṫú as oideaċais. ní dóiġ liom gur gá dom a ṁíniú do daoine de bhúr leiṫéidne naċ airgead nó maoin ṡaolta atá i gceist agam—go príoṁa, ar aon nós. Ní hé naċ bhfuil tábhaċt le saibhreas saolta, aċ tá niṫe ann is tábhaċtaí go mór ná é; agus ba boċt an scéal é ag aon ċóras oideaċais mura mbeaḋ sé de ċuspóir aige aċ deis a ċur ar fáil do ḋaoine le tuilleaḋ de raċmas an tsaoil a bhaint amaċ. Luaiḋ mé ó ċianaibh gurb é leas aos óg na tíre is ceart a bheiṫ againn in uaċtar ár smaointe ag gabháil dár ndualgas dúinn. Ní fearr eisiompláir a ċuirfimís romainn ina leiṫ seo ná Pádraig Mac Piarais arb é grá don aos óg an bunċloċ aige i gcúrsaí scolaíoċta. Má ċoinnímíd an t-ardċuspóir seo romainn — leas na ndaoine óga, ar a mbraiṫfiḋ cáil agus séan ar dtíre amaċ anseo — ní raċaimíd i bhfad ar míṫreoir.

Carna

Bhí an Sagart Teagasc Críostaí ins na scoileanna go léir i bparáiste Ċarna an tseaċtain seo caite. D'éiriġ go maiṫ leis na scoláirí ins na scoileanna ⁊ bhí an Sagart breá sásta le ċoṁ maiṫ agus a bhí siad ag freagairt an Teagasc Críostaí.

Bhí an ċéad ċeann de daṁsa ⁊ caidreaṁ bliantúil ag Aramara Teo., i gCill Ċiaráin, Carna, i halla Ċill Ċiaráin an tseaċtain seo caite, agus d'éiriġ go maiṫ leis. Bhí duaiseanna luaċṁara bronnta ag siopadóirí na h-áite, agus tugaḋ iad mar duaiseanna ag na rinncí. Tá roinnt ṁaiṫ daoine ag fáil saoṫrú le Aramara Teo., daoine ón ċeantar. B' iad a bhí i mbun an ċoiste don daṁsa, ná: Deasún Ó Nualláin, Taḋg Mac Aṁalgaiḋe, Seosaṁ Breaṫnaċ, Seán Ó Flaṫarta, Máirtín Ó Curráin, Pádraic Dúnáird, Seosaṁ Mac an Iomaire, agus Alaḃ Ní Bhreaṫnaċ.

Tá misiún mór coicís ar siúl i bparáiste Baile na Fada, agus Cloċ na Rón i seaċtain go Doṁnaċ seo caite. Beiḋ sé a' críoċnú Dé Doṁnaiġ seo ċugainn agus tá na sagairt go breá sásta le ċoṁ maiṫ agus atá an pobal ag freastal ar an ṁisiún. Bíonn na Séipéil lán ó ċúl go doras gaċ oíċe, agus fá ċoinne Aifreann ⁊ Comaoineaċ gaċ maidin.

Ċuaiġ slua an ṁór ar fad de páistí ó ċuile áit i gConamara ar busanna speisialta go Cnoc Ṁuire, le páirt a ġlacaḋ in oiliṫreaċt na bpáistí Dé Doṁnaiġ seo caite.

Tá na bradáin go líonṁar suas Baile na hInse, san am i láṫair. Ṫáinig an ċéad riṫ mór díobha tá coicís ó ṡin, agus tá siad furasta a tógáil anois, ón long.

Bhí scata de iascairí óna Stáit Aontaiṫe atá ag stopaḋ in Óstán Baile na hInse ag déanaṁ go maiṫ ar an iascaireaċt, agus tóg siad roinnt ṁaiṫ bradán ċeana féin.

Ag cruinniú cinn-bliana Slat Iascairí an Ċloċáin, toġaḋ: Uaċtarán, C. Manning; Leas-uaċtarán, A. Millar; Rúnaí, Perci Stanlaí; Leas-rúnaí, C. Ní Ċarbéirí; Cisteoir. Matt Ó Riain. Cinneaḋ go mbeaḋ an comórtas slat - iascaireaċta cuileoige ar Loċ Eoċras Beag, ar Doṁnaċ Cincíse, an 6ú lá de Ṁeiṫeaṁ.